RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/2205 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Nollaig 2021

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 847/2006 a mhéid a bhaineann le méid na n-iasc áirithe ullmhaithe nó leasaithe de thionscnamh na Téalainne a fhéadfar a allmhairiú faoi tharaif-chuóta 09.0706

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh 2006/324/CE ón gComhairle an 27 Feabhra 2006 maidir le Comhaontú a thabhairt i gcrích i bhfoirm Malartú Litreacha idir an Comhphobal Eorpach agus Ríocht na Téalainne de bhun Airteagal XXIV:6 agus Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) maidir leis na lamháltais i sceidil Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice a mhodhnú le linn a n-aontachais leis an Aontas Eorpach ([1]), agus go háirithe Airteagal 2 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 847/2006 ón gCoimisiún ([2]), bunaítear riar taraif-chuótaí de chuid an Chomhphobail le haghaidh éisc áirithe ullmhaithe nó leasaithe. Leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na Téalainne de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) a bhaineann le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV de chuid an Aontais mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach ([3]), leagtar síos an chainníocht le haghaidh cuótaí ráta taraife áirithe de chuid an Aontais maidir le méideanna na dtáirgí atá le hallmhairiú ón Téalainn. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 20 Iúil 2021.

(2) An chainníocht le haghaidh cuótaí ráta taraife áirithe de chuid an Aontais mar a leagtar síos sa Chomhaontú sin maidir le méid na n-iasc áirithe ullmhaithe nó leasaithe, ba cheart í a léiriú i Rialachán (CE) Uimh. 847/2006.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 847/2006 a leasú dá réir sin.

(4) De dheasca na práinne a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhaontaithe, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ós rud é go mbaineann na leasuithe a thugtar isteach leis an Rialachán seo le tréimhse an taraif-chuóta a bheidh ann lá a theacht i bhfeidhm, is gá forálacha idirthréimhseacha a leagan síos le haghaidh na tréimhse sin.

(5) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCód Custaim,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 847/2006

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 847/2006 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Osclófar taraif-chuóta bliantúil 1 054 thona ag a bhfuil díolúine ó dhleachtanna custaim le haghaidh allmhairí Aontais iasc ullmhaithe nó leasaithe den sairdín, den bhoiníotó, den ronnach den speiceas *Scomber scombrus* agus *Scomber japonicus*, d'éisc den speiceas *Orcynopsis unicolor*, seachas éisc ina n-iomláine nó ina bpíosaí, a thagann faoi chód AC 1604 20 50.";

([1]) IO L 120, 5.5.2006, lch. 17.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 847/2006 ón gCoimisiún an 8 Meitheamh 2006 lena n-osclaítear taraif-chuótaí Comhphobail le haghaidh éisc áirithe ullmhaithe nó leasaithe agus lena ndéantar foráil maidir lena riar (IO L 156, 9.6.2006, lch. 8).

([3]) IO L 274, 30.7.2021, lch. 57.

(2) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. ón taraif-chuóta 1 054 thona atá in Airteagal 1(2), beidh feidhm ag 423 thona faoin tsraithuimhir 09.0706 maidir le hallmhairí de thionscnamh na Téalainne, agus beidh feidhm ag an gcuid eile, go háirithe 631 tona, faoin tsraithuimhir 09.0707 maidir le hallmhairí de thionscnamh na dtríú tíortha uile seachas an Ríocht Aontaithe.".

Airteagal 2

Forálacha idirthréimhseacha le haghaidh tréimhse an taraif-chuóta reatha

1. Is é an méid a bheidh ar fáil don chuid eile de thréimhse an taraif-chuóta reatha ar dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo an difríocht idir méid an chuóta arna leasú leis an Rialachán seo agus méid an chuóta a leithdháileadh cheana roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Más rud é ar theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo go raibh an cuóta is infheidhme an 13 Nollaig 2021 ídithe, leithdháilfear méid nua an chuóta a bheidh ar fáil ar oibreoirí agus ord cróineolaíoch na ndátaí ar glacadh lena ndearbhuithe custaim lena scaoileadh chun saorchúrsaíochta á leanúint. Oibreoirí a d'allmhairigh a gcuid earraí le linn thréimhse an taraif-chuóta reatha, ach roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, gan tairbhiú den taraif-chuóta, aisíocfar leo, ar iarraidh uathu agus sa mhéid agus is féidir sin le hiarmhéid an taraif-chuóta, an difríocht sa dleacht a íocadh cheana.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13 Nollaig 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN